

Cathaoirleach, an Bord Bainistíochta  
An Príomhoide

A Chathaoirligh / a Phríomhoide, a chara,

Meán Fómhair 2017

## **Maidir le: Triail den Chreat Foghlama Digití (“an Creat”)**

### **1. Réamhrá:**

Ag leanúint ó fhógra an Aire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton T.D., maidir le forbairt Creata Foghlama Digití nua do bhunscoileanna agus d’iarbhunscoileanna, tá an Roinn ag lorg léirithe spéise ó scoileanna a bhfuil spéis acu an Creat a thriail sa scoilbhliain 2017/2018.

Deis atá ann do scoileanna, príomhoidí agus múinteoirí san áireamh, páirt a ghlacadh in eispéireas foghlama atá idir uathúil agus bhunathraitheach ar leibhéal na scoile uile maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh an teagaisc agus na foghlama, agus cuirfear tacaíocht ar fáil chuige sin.

Bíodh is go mbeidh an Creat ar fáil do gach scoil in 2017/2018, ní bheidh diantacaíocht agus dianmheantóireacht ó chomhghleacaithe gairmiúla ar fáil ach do na scoileanna sin a bheidh páirteach sa triail.

Táthar ag súil go ndéanfar an Creat a chur i bhfeidhm in am is i dtráth ar fud na scoileanna agus na glár oideachais do mhúinteoirí go léir.

### **Cúlra leis an gcreat**

Tá forbairt an Chreata Foghlama Digití do scoileanna ina príomhchuspóir de ***Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020: Teagasc, Foghlaim agus Measúnú a Fheabhsú***. Meastar sa straitéis sin go gcuirfear cineálacha nua teagaisc agus foghlama ar fáil mar thoradh ar theicneolaíochtaí digiteacha. Ní leor go mbeadh na teicneolaíochtaí ar fáil sa seomra ranga – ba cheart go mbeidís leabaithe go domhain i ngach gníomhaíocht sa seomra ranga trí thacú le cur chuige tógachaíoch i leith an teagaisc agus na foghlama. Déantar an cur chuige sin i leith an teagaisc agus na foghlama a chur chun cinn sa Chreat Foghlama Digití.

Tá nasc idir an Creat agus príomhbheartais eile de chuid na Roinne lena n-áirítear iad seo a leanas, agus cuireann an Creat leo:

- Athrú curaclaim. Cuimseofar gnéithe den smaointeoireacht uimhríochta sa churaclam matamaitice nua atá beartaithe don bhunscoil. Ar leibhéal na hiarbhunscoile, tá an códú le fáil mar ghearrchúrsa don tSraith Shóisearach cheana féin agus cuirfear an ríomheolaíocht ar fáil mar ábhar sa tsraith shinsearach ó Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh.

- Spreagfar modheolaíochtaí teagaisc atá níos gníomhaí ar fud an churaclaim
- Forbairt ghairmiúil múinteoirí
- Foghlaim agus rannpháirtíocht na ndaltaí
- [Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna](#) ina léirítear cleachtas éifeachtach agus an-éifeachtach maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha sa dá phríomhghné, mar atá **Teagasc agus Foghlaim agus Ceannaireacht agus Bainistiú**.

### **Ag Breathnú ar an Scoil Againne**

Tá taithí ag scoileanna cheana féin ar [Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna/d'Iarbhunscoileanna](#). Tá an Creat Foghlama Digití ag teacht go dlúth leis.

Déantar an dá phríomhghné **Teagasc agus Foghlaim agus Ceannaireacht agus Bainistiú** a roinnt sna ceithre réimse chéanna lena léirítear na gnéithe uathúla, a bhfuil baint acu lena chéile, de na príomhghnéithe. Soláthraítear caighdeáin ansin le haghaidh gach ceann de na réimsí.

Sonraítear na caighdeáin mar na cineálacha iompair agus na saintréithe a bhaineann le cleachtais i scoil éifeachtach a fheidhmíonn go maith, agus tá siad ag teacht leis an 32 chaighdeán atá le fáil in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna*.

Tá Ráitis Chleachtais le fáil sa Chreat Foghlama Digití ina ndéantar cur síos ar chleachtais “éifeachtacha” agus “an-éifeachtach” do scoileanna maidir le gach ceann den 32 chaighdeán.

### **2. Na Ráitis Chleachtais:**

An aidhm atá leis na caighdeáin is ea cabhrú le scoileanna réimsí dá gcleachtas a aithint atá éifeachtach nó an-éifeachtach, na réimsí inar gá feabhas a dhéanamh a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh, agus cabhrú leo aistear feabhais a leagan amach.

Cuireann na Ráitis sin ar chumas múinteoirí agus ceannairí scoile pleanáil a dhéanamh maidir le conas a thacóidh an scoil le leabú teicneolaíochtaí digiteacha sna cleachtais teagaisc agus foghlama agus i gcleachtas na múinteoirí aonair.

Agus machnamh á dhéanamh ar conas is féidir feabhas a chur ar an bpróiseas teagaisc agus foghlama le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha, déanfaidh lucht bainistíochta scoileanna agus múinteoirí na gnéithe sin den teagasc agus den fhoghlaim atá éifeachtach nó an-éifeachtach cheana féin a aithint mar aon le réimsí inar gá feabhas a dhéanamh.

Cuirfear cás-staidéir agus samplaí den dea-chleachtas ar fáil chun tacú leis na Ráitis. Tá cuid acu sin ar fáil cheana féin, agus forbrófar cuid eile le linn na tréimhse trialaí de réir mar a dhéanfar teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim ar fud na scoileanna ar fad.

### **3. Cur i bhfeidhm**

Is é is aidhm leis an gCreat Foghlama Digití agus le *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna/d'Iarbhunscoileanna* araon an raon feidhme is leithne a chur ar fáil do mhúinteoirí, do cheannairí scoile agus do pháirtithe eile chun an sármhaitheas a aithint agus a bhaint amach sa teagasc, san fhoghlaim, sa cheannaireacht, agus sa bhainistiú. Aithnítear sa Chreat Foghlama Digití go bhfuil scoileanna ag céimeanna éagsúla den aistear chun feabhas a chur ar an scoil maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim.

Níltear ag súil go gcuimseofaí gach gné den Chreat nua in aon ghníomhaíocht féinmhachnamhach nó measúnaithe amháin. Ina áit sin, ba cheart an Creat Foghlama Digití a úsáid chun féinmhachnamh agus feabhas a chumasú seachas mar sheicliosta docht dolúbtha. Tá sé ríthábhachtach ón tús go mbeadh comhthuiscint ag an bhfoireann ceannaireachta i ngach scoil ar an bhfáth agus ar an gcaoi a bhfuil iarracht á déanamh ag an scoil teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim, agus go mbeadh an fhoireann ar fad tiomanta dó sin.

D'fhéadfadh scoileanna modheolaíocht sé chéim na Féinmheastóireachta Scoile (SSE) a ghlacadh chun an Creat Foghlama Digití a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh scoileanna a roghnú freisin an Creat Foghlama Digití a ghlacadh mar an réimse ar a ndireofar chun an teagasc agus an fhoghlaim a fhorbairt mar chuid de phróiseas SSE.

Beidh treoirínite pleanála don fhoghlaim dhigiteach ag gabháil leis an gCreat. Is acmhainn é sin a bhfuil mar aidhm leis tacú le scoileanna teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim agus Plean Foghlama Digití a fhorbairt.

### **4. Cén fáth ar cheart do scoileanna an Creat Foghlama Digití a chur i bhfeidhm?**

- Ach an Creat a úsáid, beidh an scoil ullamh do churaclam nua, teagasc agus foghlaim níos fearr, agus rannpháirtíocht níos fearr i measc na ndaltaí.
- Cabhróidh an Creat le scoileanna réasúnaíocht shoiléir a fhorbairt maidir le leabú teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim, agus le heolas a chur ar fáil don phleanáil maidir leis an gcineál bonneagair atá ag teastáil chun freastal ar riachtanais na scoile.
- Éascóidh an Creat Foghlama Digití cur chuige scoile uile maidir le tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú trí leas a bhaint as prionsabail thógachaíochta don teagasc agus don fhoghlaim.
- Cabhróidh an Creat plé inmheánach a ghiniúint ar conas is féidir feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ach teicneolaíochtaí digiteacha a leabú.
- Is féidir le múinteoirí aonair nó grúpaí múinteoirí an Creat a úsáid mar uirlis pleanála chun a gcleachtais teagaisc agus foghlama laethúla a phleanáil, agus machnamh a dhéanamh orthu, ar gach leibhéal agus thar gach réimse den churaclam.
- Ina theannta sin, cabhróidh an Creat le scoileanna agus le múinteoirí aonair a gcuid riachtanas ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach de i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha a shainaithint agus pleanáil a dhéanamh chun dul i ngleic leo sin, agus cuirfidh sé ar a gcumas seilbh a ghlacadh ar a gcuid forbartha agus ar a gcuid feabhais féin sa réimse seo.

- Ach an Creat a chur i bhfeidhm i scoileanna, cabhrófar leis an Roinn agus leis na seirbhísí tacaíochta freagairt níos fearr do na riachtanais atá aitheanta ag scoileanna agus ag múinteoirí ó thaobh forbairt ghairmiúil de.
- Leis an gCreat, tacófar le pleanáil chomhoibríoch ar fud na leibhéal ranga/ranna ábhair ar fad agus sna réimsí sin ar gá díriú orthu ar bhonn traschuraclaim amhail an litearthacht, an uimhearthacht agus STEM.
- Tá bonn sna ráitis chleachtas chun measúnú inmheánach agus seachtrach a dhéanamh ar conas a dhéantar teicneolaíochtaí digiteacha a leabú ar fud gach gné de ghníomhaíocht na scoile.
- Tá an Creat ag teacht go díreach leis na réimsí agus na caighdeáin in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne, 2016 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna*, agus is féidir leis an gCreat tacú leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile (SSE).

Ar leibhéal náisiúnta, úsáidfean an Creat Foghlama Digití mar thagarmharc freisin chun an dul chun cinn a thomhas maidir le leabú teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim, agus cabhróidh sé le heolas a chur ar fáil don bheartas sa réimse seo.

### **5. Triail den Chreat Foghlama Digití (an Creat):**

Cuirfean an Creat Foghlama Digití ar fáil do gach scoil sa scoilbhliain 2017/2018. Le héifeachtacht an Chreata a mheas, cuirfean i bhfeidhm é ar bhonn trialach sa tréimhse idir Deireadh Fómhair 2017 agus Meitheamh 2018.

Beidh sampla ionadaíoch de thart ar 30 bunscoil agus 20 iar-bhunscoil páirteach sa triail. Cuirfean tacaíochtaí spriocdhírthe breise ar fáil do na scoileanna rannpháirteacha, de réir a riachtanas sainaitheanta. Áireofar na nithe seo a leanas, nó cuid díobh, sa tacaíocht do scoileanna sa triail:

- Reáchtálfar seimineár don phríomhoide scoile agus do mhúinteoir amháin eile ó gach scoil rannpháirteach an 16 Deireadh Fómhair 2017 (íocfar costais ionadaíochta). Ag an seimineár sin, tabharfar léargas ar an gCreat agus ar na treoirlínte pleanála don fhoghlaim dhigiteach do na rannpháirtithe, mar aon le heolas ar na tacaíochtaí go léir a bheidh ar fáil. Sannfar Comhairleoir ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) do gach scoil, agus beidh deis ann bualadh leo.
- Tabharfaidh an Comhairleoir 2-5 chuairt ar gach scoil le linn na scoilbhliana agus cabhróidh an Comhairleoir leis an scoil maidir leis an bpróiseas chun an Creat a úsáid.
- Ní hionann an tacaíocht a bheidh ar fáil do gach scoil, agus cuirfean an tacaíocht in oiriúint do riachtanais gach scoile. Seo a leanas sampla de shraith cuairteanna a d'fhéadfaí a thabhairt ar scoil:
  - Cuairt 1: Dul i mbun oibre le ceannaire na scoile ar an gCreat Foghlama Digití, réimse a roghnú agus spriocanna a leagan amach. Plean don bhliain a leagan amach freisin.
  - Cuairt 2: Dul siar ar na spriocanna. Seisiún ar an gCreat Foghlama Digití leis an bhfoireann ar fad. Seisiún forbartha gairmiúla leanúnaí leis an bhfoireann ag brath ar an réimse roghnaithe. Spriocanna a leagan amach don chéad chuairt eile.

- Cuairt 3 & 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn. Forbairt ghairmiúil leanúnach bhreise de réir mar is gá
- Cuairt 5: Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an gCreat Foghlama Digití. An próiseas a mheas agus spriocanna a leagan amach don chéad bhliain eile.
- Reáchtálfar Fóram trasearnála i Márta/Aibreán 2018 chun taithí a chomhroinnt agus chun an fhoghlaim a dhaingniú.

Iarrtar ar scoileanna tuairimí a lorg go himmheánach chun na réimsí den Chreat Foghlama Digití ar a ndíreofar sa triail a shainaithe. Nuair a dhéanfaidh scoileanna iarratas chun páirt a ghlacadh sa triail, iarrfar orthu na réimsí sin a thabhairt in ord tosaíochta.

Tabharfaidh cigire ón Roinn cuairt tacaíochta ar gach scoil sa triail, cosúil leis na tacaíochtaí SSE atá ar fáil cheana féin.

Déanfar measúnú seachtrach ar an dréacht-Chreat ag an am céanna leis an tréimhse thrialach. Iarrfar ar scoileanna roghnaithe páirt a ghlacadh sa phróiseas measúnachta. Ina theannta sin, beidh ar scoileanna rannpháirteacha cur le forbairt cás-staidéar/samplaí den dea-chleachtas le linn na tréimhse trialaí.

Úsáidfean torthaí an mheasúnaithe sin chun bonn eolais a chur faoi chur i bhfeidhm an Chreata ar bhonn náisiúnta i mí Mheán Fómhair 2018.

Áireofar iad seo a leanas ar na príomhghníomhaíochtaí sa phróiseas trialach:

Tábla 1:

Beart	Cur Síos	Amlíne
<b>Léirithe spéise</b>	Iarrfar ar gach scoil páirt a ghlacadh sa phróiseas trialach agus machnamh a dhéanamh díriú ar an triail don SSE don scoilbhliain 2017-2018. Seolfar doiciméad ina bhfreagrófar ceisteanna coitianta in éineacht leis an gcuireadh.	11 Meán Fómhair
	Déanfar cur i láthair ina dtabharfar léargas ar chuspóir agus ar struchtúr an Chreata agus ar conas a d'fhéadfaí é a úsáid i scoileanna a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin 'Technology in Education' <a href="http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning/Digital-Learning-Framework/">http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning/Digital-Learning-Framework/</a>	Ón 11 Meán Fómhair 2017 ar aghaidh
	Léireoidh scoileanna a spéis chun páirt a ghlacadh sa triail trí fhoirm iarratais ghearr a líonadh ag <a href="#">cuir isteach nasc anseo</a> .	2 Deireadh Fómhair 2017 – (dáta deiridh)
<b>Roghnú scoileanna</b>	Roghnóidh grúpa stiúrtha sampla ionadaíoch scoileanna chun páirt a ghlacadh sa triail.	3-5 Deireadh Fómhair 2017
	Foilseofar an liosta scoileanna roghnaithe ar láithreán gréasáin na Roinne	Thart ar an 6 Deireadh Fómhair
<b>Tacaíocht do Scoileanna</b>	Seimineár do scoileanna rannpháirteacha chun eolas tábhachtach a thabhairt agus chun amlínte a leagan amach don chur i bhfeidhm sna scoileanna.	16 Deireadh Fómhair 2017 (Ionad: An tIonad Comhdhála,

		Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath)
	Tabharfaidh duine ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) idir dhá chuairt agus cúig chuairt ar gach scoil sa triail. Ar an gcéad chuairt chuig an scoil, roghnófar an réimse den Chreat Foghlama Digití ar a ndíreofar sa triail, forbrófar plean don bhliain agus leagfar spriocanna amach. Díreofar sna cuairteanna ina dhiaidh sin ar athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach spriocdhírthe a chur ar fáil.	Samhain/Nollaig 17 agus ar bhonn leanúnach
	Cuairt tacaíochta ó Chigire de chuid na Roinne	Samhain/Nollaig 2017 ar aghaidh (socrófar na dátaí le gach scoil rannpháirteach)
	Fóram trasearnála chun taithe a chomhroinnt agus chun an fhoghlaim a dhaingniú	Márta/Aibreán 2018
<b>Measúnú seachtrach</b>	Déanfar measúnú ar an bpróiseas.	Beidh an measúnú ar siúl ag an am céanna le cur i bhfeidhm na trialach.
<b>Athbhreithniú ar an gCreat Foghlama Digití</b>	Athbhreithniú ar an gCreat Foghlama Digití i bhfianaise na trialach agus na tuarascála ón measúnú roimh an gCreat a chur chun feidhme i scoileanna ina iomláine.	Iúil – Lúnasa 2018.

## **6. Iarratas:**

Tá an t-iarratas chun “Léirithe spéise” a chur isteach le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne, mar aon le doiciméad ina dtugtar freagra ar cheisteanna coitianta [Léirithe spéise](#)

Má tá spéis ag do scoil páirt a ghlacadh sa triail, líon isteach an fhoirm iarratais atá le fáil ag [Léirithe spéise](#)

Is é an 2 Deireadh Fómhair 2017 an dáta deiridh chun léirithe spéise a chur isteach. Is é údarás na scoile atá freagrach as iarratas a chur isteach laistigh den amlíne shonraithe.

Foilseofar liosta scoileanna roghnaithe ar láithreán gréasáin na Roinne go luath i mí Dheireadh Fómhair.

## **7. An tAcht um Shaoráil Faisnéise:**

Cuirtear i gcuimhne do dhaoine a shíníonn na hiarratais go mb'fhéidir go mbeadh ar an Roinn aon fhaisnéis a sholáthraítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, a scaoileadh.

### **8. Breis eolais**

Chun cabhrú le scoileanna cinneadh a dhéanamh páirt a ghlacadh sa triail, tá acmhainn faisnéise agus físeán le fáil ag <http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning/Digital-Learning-Framework/> .

Eddie Ward  
Príomhoifigeach  
Oideachas Múinteoirí & Beartas TFC